

Iomainn, Sailm agus Paidreacha Eile

Iomainn Eile

Paidir mhilis thrócaireach	Ich 2
'Sé Íosa an Fíréan, Dia dílis don Athair	Ich 2
Go raibh ainm mhilis Íosa	Ich 6
Lúireach Phádraig	Ich 7
An Benedictus	Ich 9
Salm 91(90)	Ich 13
Salve Regina	Ich 15
Beannacht San Proinsias	Ich 11
Paidir Gearr San Antaine	Ich 8
Paidr San Proinsias ar son na Síochána	Ich 12
Paidir Ar son 3 Ord San Proinsias	Ich 15



*Íosa ag beannú a lucht leanúna – mír bheag d'fhuinneog in
Ardeaglais Chartre.(Grianghraf ón idirlíon)*

Paidir mhillis thrócaireach

Paidir mhillis thrócaireach
atá lán de ghrásta,
Cuirimidne chugatsa
dár gcaomhaint ar ár namhaid.

Ag luí dúinn anocht
is ag éirí dúinn amárach,
In onóir na Tríonóide
is i síocháin na Páise.

A Íosa mhillis thrócairigh,
a Mhic na hÓighe cumhra
Sábháil sinn ar na pianta
atá íochtarach, dorch, dúnta.



Fuinneog eile ó Ardeaglais Chartres

Leat a nímid (déanaimid) ár ngearán,
óir is agat 'tá ár bhfóirithint,
Seachain sinn ar an seachrán
is cuir sinn ar an eolas.

'Sé Íosa an Fíréan, Dia dílis don Athair

(Amhrán ón mbéaloidéas a chanadh Seosamh Ó hÉanaí)

'S é Íosa an Fíréan, Dia dílis don Athair
Ó, is é a rinne ár gceannacht ón daoirse;
Nuair a d'fhulaing sé an Pháis agus bás ar an gcroich
Ag tabhairt sásaimh sna peacaí seo a nionns muid (*a dhéanaimid*).



“Ecce Homo” i sean-mhainistir na bProinsiasach in Inis

Tá an t-arán seo déanta i d'fhianaise, a Pheadair,
A Pheadair, caithidh (*ith*) an t-arán seo;
[An] té chaithfeas an t-arán seo, caithfidh sé mise,
Idir fheoil, anam is diachta.

Is aililiú leá is aililiú,
ailiú is aililiú
Má maslaíthear ár gcolainn ní baolach dár n-anam
Ná séanaigí m'ainmse choíche.


Tá an fíon seo déanta i d'fhianaise, a Pheadair,
A Pheadair, ólaidh (ól) an fíon seo;
[An] té ólfas an fíon seo, ólfaidh sé an fhuil
A bhí ag tíocht 'na braonta as mo thaobhsa.

Curfá

Siúlaigí amach sa ngairdín, a Pheadair,
Tá uaigneas mór ar mo chroí-se;
'S é meáchan na bpeacaí is ciontach le m'uaigneas
Is fairigí uair liom an oíche seo.


Éirigí suas a tromluí a gcodladh
Ní fada uaim saighdiúir mo dhaoirse
Rinne sibh faillí fanacht 'na maidin
'S ní bhfuair [gur] chaith sibh an oíche seo.

Curfá



Mír bheag d'fhuinneog i séipéal nua na bProinsiasach in Inis

Tá sé ráite i dtairgearacht Mhaitiú
Leis an magadh a fuair Íosa
Gur éirigh an coileach a bhí ag fiuchadh sa bpota,
Chuaigh ar an mbord is lig glao as. **



Tháinig na trí Muire ar maidin Dé Domhnaigh
Go leigheasfaidís cneácha Íosa.
Chuartáiodar an tuamba thart timpeall go gasta,
Ní bhfuairadar amharc ar Íosa.

Tháinig an t-aingeal anuas as na Flaithis
Is d'ardaigh an leac ina bhfianaise
Bhí leac ar an tuamba, ní thógfadh céad pearsa í,
Ach thóg an t-aingeal a bhí naofa í.

*** De réir an traidisiúin bhí féasta ag na Giúdaigh ag ceiliúradh bás Íosa. Dúirt duine acu do ndúirt Íosa go n-éireodh sé ó na mairbh agus dúirt fear eile go raibh Íosa chomh marbh leis an gcoileach a bhí ag fiuchadh in íochtar an phota. D'éirigh an coileach aníos as an bposta agus thosaigh ag glaoch “Tá mac na hóighe slán! Tá mac na hóighe slán!” rud atá an-chosúil le glaoch coiligh. Is de bharr an traidisiúin sin a ghearrtaí coileach agus pota na croiseanna a ndéantaí i rith na bpéindlithe.*



*Dul faoi na gréine ag Loch Como
A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!*

Go raibh ainm mhilis Íosa

Go raibh ainm mhilis Íosa
go taitneamhach scríofa
i lár mo chroíse.

A Mhuire, a Mháthair Íosa,
go raibh Íosa agamsa
agus mise ag Íosa.

Ceangal grá
bheith eadrainn go brách
gan scaoileadh.



(Fuinneog i séipéal na gCairmilíteach i mBaile Átha Cliath)

Lúireach Phádraig

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Críost liom,
Críost romham,
Críost i mo dhiaidh,
Críost istigh ionam,

Críost fúm,
Críost os mo chionn,

Críost ar mo lámh dheas,
Críost ar mo lámh chlé,
Críost i mo luí dom,
Críost i mo sheasamh dom,

Críost i gcrói gach duine atá ag cuimhneamh orm,
Críost i mbéal gach duine a labhraíonn liom,
Críost i ngach súil a fhéachann orm,
Críost i ngach cluas a éisteann liom.



Dealbh San Antaine i Séipéal na bProinsiasach i Loch Garman

Paidir Gearr San Antaine

**Féach Crois an Tiarna!
Teith leat a Chumhacht an Oilc!
Tá an bua ag an Leon de Threabh Iúda,**

Fréamh Dháiví!
Alleluia! Alleluia!



(An tAiséirí, fuinneog i séipéal Mhaigh Chromtha)

An Benedictus

Moladh don Tiarna, Dia Iosrael,
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;
agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –
de réir mar a labhair
trí bhéal a naomhfháidh anallód –
mar shaoradh dúinn ónár naimhde
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
ag déanamh trócaire mar sin ar ár n-aithreacha,
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –
ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair –
go dtabharfadh sé dúinn,

tar éis ár saortha as láimh ár naimhde,
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair gach lá dár
saol.



a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe

Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde,
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthair,
ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal
trí mhaithiúnas a bpeacaí
de chionn trócaire chroí ár nDé
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi
scáil an bháis;
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na
síochána.

Beannacht San Proinsias



Íomhá San Proinsias i seanmhainistir na bProinsiasach in Inis i gCo. an Chláir

"Go mbeannaí an Tiarna thú agus go gcumhdaí sé thú. Go dtaitní gnúis an Tiarna ort agus go raibh sé caoin leat. Go nochta an Tiarna a ghnúis duit agus go dtuga sé síocháin duit."

Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt: "Abair le hÁrón agus lena chlann mhac:

'Seo mar a bheannóidh sibh clann Iosrael. Abraigí leo: Go mbeannaí an Tiarna thú agus go gcumhdaí sé thú. Go dtaitní gnúis an Tiarna ort agus go raibh sé caoin leat. Go nochta an Tiarna a ghnúis duit agus go dtuga sé síocháin duit.' Sin mar atá m'ainm le gairm ar chlann Iosrael acu, agus cuirfidh mé mo bheannacht orthu."

Adhraimid thú, a Thiarna ró-naofa Íosa Críost, anseo agus i d'eaglaisí ar fud an domhain agus beannaímid thú toisc gur fhuascail tú an saol de bhua do choise naofa.

Mo Dhia is mo Uile



(Séipéal na bProinsiasach i Loch Garman. Maraíodh seachtar de na bráithre nuair a chuaigh saighdiúirí Chromail de ruathar tríd an bhaile ag marú rompu in 1649. Crochadh ceathrar eile in 1654 a bhí ag iarraidh freastal ar phobal na háite.)

“Is méanar dóibh seo a d’fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.” Mata 5. 10

Paidir San Proinsias ar son na Shíochána

A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá;
áit a bhfuil éagóir, pardún; áit a bhfuil amhras,
creideamh;

áit a bhfuil éadóchas, dóchas; áit a bhfuil dorchadas
solas;
agus áit a bhfuil brón, lúcháir.
A Mháistir dhiaga, deonaigh gur mhó liom
sólás a thabhairt ná a fháil; gur mhó liom go dtuigfinn
ná go dtuigfí mé; go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.
Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin maitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí
sinn.



Ach is mise an sáraoire,
agus aithním mo chuid féin,
agus aithníonn mo chuid féin mé,
faoi mar a aithníonn an tAthair mé,
agus mar a aithnínmse an tAthair.
Agus tugaim mo bheatha ar son mo chaorach.

Salm 91 (90)

Faoi Scáth an Uilechumhachtaigh

An té a chónaíonn i ndaingean an Té is Airde,
a mhaireann faoi scáth an Uilechumhachtaigh,
deir sé leis an Tiarna: “Mo dhídean is mo dhaingean tú;
mo Dhia ina bhfuil mo dhóchas.”

Saorfaidh seisean thú ar ghaiste an fhoghlaera,
ós é atá [ar tí do mhillte].

Déanfaidh sé díon duit lena eiteoga,
agus rithfidh tú chuige faoina sciatháin.

Ní eagal duit uamhan na hoíche,
ná an tsaighead a scaoiltear sa lá,
ná an phlá a thriallann sa dorchacht,
ná an sciúirse a mhilleann um nóin

Ar a shon go dtitfeadh míle le d'ais,
agus deich míle ar do dheis,
ní thiocfaidh sé i do ghaobhar ná i do ghaire,
óir is sciath duit agus is lúireach a dhílse.

Óir ní gá duit ach féachaint i do thimpeall,
chun go bhfeice tú cúiteamh na bpeacach.
Óir is tú a dúirt: "A Thiarna, mo dhídean tú!"
agus a rinne caiseal den Neach is Airde.

Ní thiocfaidh aon urchóid i d'aise,
ná aon phlá i gcóngar do bhotha,
Óir thug sé ordú dá aingil i do thaobh:
tú a chosaint i do shlite go léir.



(Fuinneog i séipéal Bhaile an Ultaigh)

lompróidh siad thú lena lámha

sula mbuailfeá do chos in aghaidh cloiche.
Satlóidh tú ar an leon is ar an nathair;
gabhfaidh tú de chosa sa leon óg is sa dragan.


De bharr a dhilghrá dom déanfaidh mé a shaoradh,
agus a dhíonadh toisc gur admhaigh sé m'ainm.
Nuair a ghlaofaidh sé orm déarfaidh mé: "Táim i d'fhochair."
Déanfaidh mé é a shaoradh agus a onórú in am a
bhuartha.

Déanfaidh mé é a shásamh le fad saoil a thabhairt dó;
agus déanfaidh mé mo shlánú a nochtadh dó.

Salve Regina

Go mbeannaítear duit, a Bhanríon, A Mháthair na trócaire,
Ár mbeatha, ár mílseacht agus ár ndóchas. Is ort a ghlaoidimid,
Clann bhocht dhíbeartha Éabha.
Is chugatsa suas a chuirimid ár n-urnaí,
Ag caoineadh agus ag gol i ngleann seo na ndeor,
ar an ábhar sin, ós tú ár n-abhcóide,
lompaign orainn dó shúile atá lán de thrua,
Agus tar éis na deoraíochta seo taispeáin dúinn Íosa,
Toradh beannaithe do bhroinne,
A Mhaighdean Mhuire thrócaireach, ghrámhar, mhillis.
Guigh orainn a naomh-Mháthair Dé
Ionas gur fiú sinn gealltanais Chríost a fháil.

Paidir ar son trí Ord San Proinsias



A Thiarna ghlaigh tú ar do sheirbhíseach San Proinsias fadó chun d'eaglais a athógáil agus gabhaimid buíochas leat as na grásta go léir a thál tú go fial air agus tríd sin ar na sluaite gan áireamh. Iarraimid ort a lán, lán daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chomhluadar Proinsiasach ar fud an tsaoil mar shagairt, mar bhráithre, mar shiúracha agus mar thuataigh. Lión ár gcroí le do Spiorad chun go mbeidh cuid den ghrá sin againn a bhí aige duitse, go dtabharfaimid glóir do d'ainm, go ndéanfaimid fónamh ort trí fhreastal ar ár gcomharsana agus go ndéanfaimid ár sciar beag féin chun d'eaglais a athógáil.

A Athair atá ar Neamh, ghoil sé go mór ar chroí San Proinsias nach raibh grá á thabhairt don Ghrá. Guímid go gcabhraí do Spioraid linn maireachtáil de réir an tsoiscéil ar bhealach níos iomláine, go múine Críost dúinn cad atá le déanamh againn agus go dtreoraí sé muid sna saolta corraithe seo chun go méadófar as cuimse an grá a thabharfar don Ghrá. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.